



Comhalta Seachtrach den Choiste Iniúchta agus Riosca

Tá an Coimisiún Pleanála (ACP) ag lorg Léirithe Spéise ó dhaoine a bhfuil cáilíochtaí cuí acu chun fónamh mar Chomhaltaí Seachtracha de Choiste Iniúchta agus Riosca an Choimisiúin Pleanála (ARC).

Is deis é seo chun maoirseacht neamhspleách, léargas straitéiseach agus ceistiú cuiditheach a chur ar fáil chun tacú le rialachas láidir, bainistíocht éifeachtach riosca, agus próisis láidre dearbhaithe i dtimpeallacht chasta rialála.

Chomh maith le taithí ar iniúcháireacht agus ar riosca, chuirfeadh An Coimisiún Pleanála fáilte roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil scileanna acu i dteicneolaíocht na faisnéise, sa chibearshlándaíl agus sa chlaochlú digiteach laistigh de thimpeallacht chasta ildisciplíneach, mar aon le tuiscint ar rialachas i gcomhthéacs comhlachta stáit.

Tá folúntas amháin ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca faoi láthair agus tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Pleanála painéal a bhunú ón gcomórtas seo a d'fhéadfaí a úsáid chun folúntais a líonadh a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa dá bhliain amach romhainn.

Cúlra

Bunaíodh An Coimisiún Pleanála go foirmiúil an 18 Meitheamh 2025, faoi Chuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024. An Bord Pleanála a bhí ar an eagraíocht roimhe seo, eagraíocht a bunaíodh in 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976. Tá An Coimisiún Pleanála freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le hachomhairc, iarratais dhíreacha i gcásanna forbartha bonneagair straitéisigh agus nithe áirithe eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (2000 agus 2024, arna

leasú), agus faoin reachtaíocht ghaolmhar. Tá sé freagrach freisin as déileáil le tograí ó údarais áitiúla agus ó pháirtithe eile chun talamh a fháil go héigeantach faoi achtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna ag an gCoimisiún freisin chun cinntí a dhéanamh maidir le hachomhairc faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) agus faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

Is é An Coimisiún Pleanála an tÚdarás Inniúil le haghaidh Tionscadal Leasa Choitinn faoi Rialachán Eorpach Uimh. 347/2013 a bhaineann le bonneagar tras-Eorpach fuinnimh.

Tá tuilleadh sonraí faoin gCoimisiún Pleanála, lena n-áirítear a chuntais agus a thuarascálacha bliantúla, foilsithe ar www.pleanala.ie

Maidir leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca (ARC)

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag an gCoimisiún Pleanála mar Choiste de chuid an Choimisiúin Pleanála chun tacú leis i gcomhlíonadh a chuid freagrachtaí maidir le riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá na dearbhuithe ó thaobh freastal ar riachtanais dearbhaithe an Choimisiúin Pleanála agus an Oifigigh Chuntasaigh (an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/an Príomhoifigeach) agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine na ndearbhuithe sin. Tá ARC comhdhéanta de Chomhaltaí Boird ó Bhord Rialaithe an Choimisiúin Pleanála agus de chomhaltaí seachtracha, agus is Comhalta den Bhord Rialaithe é Cathaoirleach ARC.

Ról Chomhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca

Is fochoiste de Bhord Rialaithe an Choimisiúin Pleanála é an Coiste Iniúchta agus Riosca.

Mar Chomhalta Seachtrach de ARC, cuirfidh tú comhairle neamhspleách agus léargas straitéiseach ar fáil don Choiste, agus cuideoidh tú leis an gCoiste ceistiú cuiditheach a dhéanamh ar an gCoimisiún Pleanála agus ar a lucht bainistíochta agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

Is ról comhairleach neamhfheidhmiúcháin é, lena dtacaítear le maoirseacht an Choiste ar shocruithe rialachais, bainistíochta riosca, rialaithe inmheánaigh, iniúcháireachta agus dearbhaithe, lena n-áirítear tuairisciú airgeadais agus tuairisciú eile, rialuithe inmheánacha, creataí bainistíochta riosca agus oibleagáidí comhlíontachta.

I bhfianaise thábhacht mhéadaitheach an riosca dhigitigh, cuirfear léargas speisialaithe breise ar fáil tríd an ról seo ar rioscaí digiteacha agus ar rioscaí a bhaineann leis an teicneolaíocht, lena n-áirítear cibear-athléimneacht, rialachas sonraí agus faisnéise, agus riosca a bhaineann leis an gclaochlú digiteach.

Tugann Iniúcháir Inmheánach an Choimisiúin Pleanála, soláthraí seirbhíse seachtrach a fhaightear trí sholáthar, agus Rúnaíocht a bhfuil acmhainní cuí aici tacaíocht don Choiste Iniúchta agus Riosca i gcomhlíonadh a ról. Tuairisceoidh an tIniúcháir Inmheánach don Choiste Iniúchta agus Riosca maidir le cúrsaí gairmiúla

Áirítear ar na príomhfhreagrachtaí:

- Comhairle neamhspleách agus léargas a chur ar fáil chun cabhrú leis an gCoiste tacú leis an gCoimisiún Pleanála agus lena lucht bainistíochta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais chuntasaíochta agus ar ráitis airgeadais an Choimisiúin Pleanála, agus ar thuarascáil bhliantúil na heagraíochta, lena n-áirítear an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach iad lena n-iniúchadh, na leibhéil earráide a sainaithníodh, agus litir dhearbhaithe an lucht bainistíochta chuig na hiniúcháirí seachtracha;
- Rannchuidiú, mar Chomhalta den Choiste, le maoirseacht an Choiste ar bhainistíocht riosca, lena n-áirítear fonn riosca agus sainaithint, measúnú, maolú agus faireachán ar rioscaí digiteacha agus ar rioscaí a bhaineann leis an teicneolaíocht;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha agus ar chur chun feidhme moltaí iniúcháireachta ag an gCoimisiún Pleanála;
- Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha, creataí comhlíontachta, agus próiseas rialachais agus tuairimí a thabhairt ina leith;

- Maoirseacht a dhéanamh ar riosca a bhaineann leis an gclaochlú digiteach, lena n-áirítear oiriúnacht straitéis TF an Choimisiúin Pleanála, deiseanna agus tionscnaimh maidir leis an gclaochlú digiteach, agus bainistíocht éifeachtach ar na rioscaí gaolmhara; agus
- Páirt a ghlacadh mar Chomhalta den Choiste i sainaitheint rioscaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear éabhlóid cibearbhagairtí agus forbairtí rialála, agus cabhrú lena chinntiú go ndéanann an Coiste agus an lucht bainistíochta breithniú cuí orthu.

Sonraíocht an Duine:

Táthar ag súil go mbeidh taithí ag an té a cheapfar ar dhá cheann ar a laghad díobh seo a leanas:

- Teicneolaíocht na faisnéise; cibearshlándáil, claochlú digiteach; agus/nó bainistíocht riosca teicneolaíochta,
- Tuiscint mhaith ar chur chun feidhme socruithe rialachais san earnáil phoiblí agus taithí air, lena n-áirítear creataí bainistíochta riosca, rialuithe inmheánacha agus tuairisciú gaolmhar,
- Cumas cruthaithe feidhmiú ar leibhéal straitéiseach, agus breithiúnas fónta agus cumas anailíseach ag an duine,
- neamhspleáchas, ionracas, agus an cumas ceistiú oibiachtúil cuiditheach a dhéanamh,
- Scileanna cumarsáide den scoth, agus an cumas dul i dteagmháil go héifeachtach le páirtithe leasmhara sinsearacha agus
- Tuiscint ar thimpeallachtaí rialála, comhlíontachta, agus dearbhaithe.
- Meastóireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais, lena n-áirítear athbhreithniú ar raon agus ar chastacht na saincheisteanna ar féidir a bheith ag súil le réasún go dtiocfaidh siad chun cinn i ráitis airgeadais an Choimisiúin Pleanála, nó taithí ar mhaoirseacht a dhéanamh ar dhuine amháin nó níos mó atá i mbun gníomhaíochtaí den sórt sin.

Tiomantas ama

Tagann ARC le chéile go foirmiúil ceithre huaire sa bhliain, agus teastaíonn am breise chun ullmhú do chruinnithe agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhair. Féadfaidh Cathaoirleach an Choiste cruinnithe breise a thionól de réir mar a mheasann sé/sí is gá.

Luach Saothair

Íocfar táille chomhlán €299.25 as gach cruinniú ar a bhfreastalófar. Tá costais taistil agus chothaithe iníoctha de réir na rátaí arna socrú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Beidh prionsabal ‘Duine Amháin, Tuarastal Amháin’ i bhfeidhm.

Tréimhse an cheapacháin

Mairfidh an ceapachán ar feadh téarma tosaigh trí bliana, agus d'fhéadfaí é a athnuachan ar feadh téarma eile de réir shocruithe rialachais an Choimisiúin Pleanála.

Oiliúint

Cuireann An Coimisiún Pleanála oiliúint ionductúcháin ar fáil do chomhaltaí an Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais.

Coimhlint Leasa

Gheobhaidh comhalta an Choiste luach saothair mar atá leagtha amach thuas ach ní fhéadfaidh sé nó sí glacadh le haon táillí eile ón gCoimisiún Pleanála as seirbhísí comhairliúcháin nó comhairleacha ná le haon táillí cúitimh eile uaidh. Áirítear leis an gcúiteamh toirmiscthe cúiteamh a fhaightear as seirbhísí arna soláthar ag gnólacht dlí, gnólacht cuntasáíochta, gnólacht comhairliúcháin nó eintiteas comhchosúil ina bhfuil comhalta an Choiste Iniúchta agus Riosca (nó duine dá neasteaghlach) ina chomhpháirtí, ina oifigeach feidhmiúcháin, nó i bpost coibhéiseach.

Ceanglaítear ar chomhaltaí Choiste Iniúchta agus Riosca an Choimisiúin Pleanála aon choimhlint leasa fhéideartha a bhaineann le haon cheann de na míreanna gnó ar an gclár oibre do chruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca a dhearbhu agus tuairisceán bliantúil don Chlár Leasanna a chomhlánú.

Conas iarratas a Dhéanamh

Chun do spéis a léiriú, cuir isteach an méid seo a leanas faoin 22Deireadh Fómhair 2026:

- CV cothrom le dáta,
- Ráiteas gairid tacaíochta ina leagtar amach do thaithí ábhartha agus do cháilíochtaí, agus an chúis ar mian leat go mbreithneofaí thú le haghaidh ceapacháin.

Ba cheart iarratais a sheoladh chuig: Ms. Fran Barrett trí ríomhphost ag governance@pleanala.ie

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá An Coimisiún Pleanála tiomanta don chomhionannas, don éagsúlacht agus don ionchuimsiú agus fáiltíonn sé roimh léirithe spéise ó iarrthóirí a bhfuil réimse leathan cúlraí, taithí agus dearcthaí acu.

Cosaint Sonraí

Déanfaidh An Coimisiún Pleanála aon sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil i dtaca le hiarratas ar an ról seo a phróiseáil de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018. Ní choinneofar na sonraí níos faide ná mar is gá chun na gcríoch dá bpróiseáiltear iad, agus coinneofar iad ar bhealach a áirithíonn slándáil iomchuí na sonraí, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhdhárthe nó neamhdhleathach na sonraí.

Má éiríonn le d'iarratas ar ról an chomhalta sheachtraigh ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca, leanfar de do shonraí pearsanta a phróiseáil chun na críche sonraithe a bhaineann le do chomhaltas den Choiste agus ní choinneofar do shonraí níos faide ná mar is gá.